C/2024/6829

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Portaingéile

(C/2024/6829)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Phortaingéil caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh freisin, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Phortaingéil ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di nó a bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Portaingéile 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle (arna leasú) maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (arna leasú). Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíche nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hollfhiachas rialtais a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 8 Samhain 2011 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar scair suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 22 Aibreán 2021, chuir an Phortaingéil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile ([9]), a leasaíodh an 17 Deireadh Fómhair 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an bPortaingéil. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Phortaingéil a Clár Náisiúnta 2024 um Athchóiriú agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Portaingéile maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Phortaingéil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an bPortaingéil faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. I mí Aibreáin 2024, foilsíodh príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Portaingéile. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Phortaingéil a thuilleadh. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an bPortaingéil maidir le leochaileachtaí a laghdú a bhaineann le fiachas ard príobháideach, rialtais agus seachtrach, agus tá coinne leis go leanfar dá laghdú. Tá éis an chur isteach de dheasca ghéarchéim phaindéim COVID-19, lean cóimheasa fiachais na hearnála príobháidí agus an rialtais de bheith ag dul i laghad. Tá siad i ndiaidh dul i léig go substaintiúil ó bhí 2021 ann, agus chuidigh fás láidir OTI agus barrachas buiséid le déanaí i gcás fiachas an rialtais leis sin. Tá an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, ar léir go bhfuil sí diúltach, ag dul i bhfeabhas go substaintiúil, agus fás eacnamaíoch suntasach agus farasbarr cuntais reatha ag cuidiú leis sin, agus tá struchtúr fabhrach aici go fóill i bhfianaise an scair ard ionstraimí neamh-mhainneachtana. Tá an féichiúnas príobháideach agus rialtais agus an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta ardaithe go fóill, ach meastar go dtiocfaidh tuilleadh laghduithe orthu amach anseo, d'ainneoin gur lú an tacaíocht a thabharfaidh an fás OTI ainmniúil. Bhí barrachas sa chuntas reatha arís an bhliain seo caite agus tuartar go mbeidh sé ann go fóill in 2024 agus in 2025 chomh maith, agus baineadh amach barrachas fioscach. Chuir an méadú ar rátaí úis roinnt brú ar theaghlaigh a bhfuil fiachais orthu agus tá praghsanna tithe ag dul ina airde go tréan le cúpla bliain. Lean na hiasachtaí neamhthuillmheacha de bheith ag laghdú ó leibhéil mheasartha a bhí ann cheana féin. Tá dul chun cinn leanúnach beartais déanta chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí a sainaithníodh agus tá sé mar bhonn taca ag na torthaí soiléire. Tá coinne leis go leanfaidh cur chun feidhme leanúnach an phlean téarnaimh agus athléimneachta de thionchar fabhrach a imirt ar an acmhainneacht fáis, rannchuidiú le hinbhuanaitheacht sheachtrach na Portaingéile agus cuidiú le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

([9]) ST 10149/21 INIT agus ST 10149/21 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile (ST 13351/23 INIT agus ST 13351/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1).

(11) De réir sonraí atá fíoraithe ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Portaingéile ó 0,3 % de OTI in 2022 go dtí 1,2 % de OTI in 2023, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 112,4 % de OTI ag deireadh 2022 go dtí 99,1 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh ([12]) an Phortaingéil beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh ([13]), agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, mhol an Chomhairle don Phortaingéil a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí chomh maith go leathnódh an Phortaingéil infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh freisin, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) crapthach, faoi 1,1 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach 0,9 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Bhí an ranníocaíocht chrapthach de phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh go príomha ar an laghdú 1,1 pointe céatadáin ar chostas na mbeart tacaíochta éigeandála (idir spriocdhírithe agus neamh-spriocdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh. Bhí pá na hearnála poiblí agus pinsin i measc na bpríomhthiománaithe taobh thiar den fhás sa phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú ag tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid 1,3 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,0 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022.

Mhaoinigh an Phortaingéil infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sí infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla, ríomhairí a sholáthar do scoláirí agus múinteoirí, busanna nua astaíochtaí nialasacha, stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal a shuiteáil, tús a chur le tógáil teaghaisí a bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ard ag baint leo, agus cláir nua don nuálaíocht glas. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,5 % in 2024 agus 1,9 % in 2025, agus tá sé beartaithe gurb éard a bheidh i mboilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 2,5 % in 2024 agus 2.1 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 0,3 % de OTI in 2024 agus 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le laghdú go 95,7 % faoi dheireadh 2024 agus go 91,4 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 0,1 % de OTI in 2026, agus go dtiocfaidh méadú de réir a chéile air go 0,4 % de OTI faoi 2028. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha easnaimh an Chonartha OTI thar thréimhse an chláir. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú, tar éis 2025, ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 87,2 % de OTI in 2026 agus go rachaidh sé i laghad arís go 79,8 % faoi 2028.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 1,7 % in 2024 agus 1,9 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas le ICPT ag 2,3 % in 2024 agus 1,9 % in 2025.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 0,4 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 95,6 % faoi dheireadh 2024. Léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2024 den chuid is mó na bearta fioscacha a tugadh isteach le Buiséad Stáit 2024, mar shampla, an t-athchóiriú ar an gcáin ioncaim phearsanta, an méadú ginearálta ar phinsin agus an méadú uilechoiteann ar phá poiblí. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach ag leathnú ar ráta 1,8 % de OTI in 2024.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Portaingéile um Athchóiriú 2022 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 181).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 9,1 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Phortaingéil in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis féideartha iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile an Aontais.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,3 % de OTI é le deontais faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,6 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú nó fiachas rialtais ghinearálta na Portaingéile. Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,1 % de OTI é le hiasachtaí ón tSaoráid in 2024, i gcomparáid le níos lú ná 0,1 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([15]) don Phortaingéil beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil ([16]) a mhaoinítear go náisiúnta in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 1,8 %, ach amháin má measadh go bhfuil ráta tagartha níos airde i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta comhoiriúnach leis an bPortaingéil a bheith ag baint a cuspóir buiséadach meántéarmach (MTO) - 0.5 % de OTI amach, *inter alia*, má bhí an caiteachas ar ús níos ísle ná mar a bhí tuartha ag an gCoimisiún ag an am. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, agus iad de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh comhardú struchtúrach na Portaingéile ag 0,0 % de OTI in 2024 (ó 0,9 % in 2023), agus ar an gcaoi sin, os cionn MTO na tíre. Dá bhrí sin, measúnaítear go bhfuil an Phortaingéil i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Phortaingéil gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Phortaingéil a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí coigilte fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurbh é 0,9 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([17]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,6 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,5 % de OTI in 2025. Go sonrach, an laghdú ginearálta ar an gcáin bhreosla agus coinneáil an ráta carbóin faoin gcáin bhreosla mar atá, meastar go bhfanfaidh siad i bhfeidhm in 2024 agus 2025. De réir an Choimisiúin, ní mheastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Meastar gurb é 0,1 % de OTI in 2024 (0,3 % in 2023) costas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh éigeandála atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha a chosaint, agus as an méid sin caomhnaíonn níos lú ná 0,1 % de OTI an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú (0,1 % in 2023).

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Phortaingéil infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú uirthi ó 2,0 % de OTI in 2023 go 2,3 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh méadú air ó 1,3 % de OTI in 2023 go 1,7 % de OTI in 2024.

(20) De bhun na mbeart beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais 0,5 % de OTI in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú go 91,5 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025.

(21) Is gá córas cánach na Portaingéile a shimpliú a thuilleadh. Cruthaítear ualach breise don riarachán cánach agus do ghnólachtaí leis an gcóras cánach corparáide, ag a bhfuil formhuirir stáit agus chathracha. Is measa fós é sin mar gheall ar an dúshlán seanbhunaithe a bhaineann le ceanglais rialála a bhfuil ualach trom ag baint leo agus idirghníomhaíochtaí fadálacha leis an riarachán poiblí, rudaí a mbíonn tionchar mór acu ar an timpeallacht ghnó. Tá riaráistí cánach gan íoc fós ard agus i bhfad os cionn mheán an Aontais (45,6 % den ioncam iomlán a bhí iontu ag deireadh 2021). Tá costas ard riaracháin ag baint le bailiú cánach, agus tá sé méadaithe a thuilleadh le blianta beaga anuas (mhéadaigh sé faoi 4 % nó mar sin idir 2018 agus 2021). Ina theannta sin, tá foireann an riaracháin cánach ag dul in aois go pras, agus táthar ag súil leis go rachaidh níos mó ná leath den fhoireann ar scor sna deich mbliana atá amach romhainn, cé nach bhfuil ach líon beag daoine nua á n-earcú. Dá dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin sin, d'fheabhsófaí an timpeallacht ghnó sa Phortaingéil agus chuirfí an iomaíocht chun cinn.

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Portaingéile um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 206).

([16]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([17]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

(22) Meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar 1 mhilliún duine ar an daonra in aois oibre sa Phortaingéil sa mheántéarma, mar gheall ar laghdú ar an imirce ghlan agus ar an ráta torthúlachta den chuid is mó. Leis an bhfeabhas réamh-mheasta ar an ionchas saoil, réamh-mheastar go dtiocfaidh ardú suntasach ar chóimheas na ndaoine scothaosta le líon na ndaoine a mhaoiníonn córas pinsean poiblí na Portaingéile. In 2022, tuairim is trí dhuine aonair nó mar sin ar aois oibre a rannchuidigh leis an gcóras pinsean in aghaidh gach pinsinéir, ach faoi 2050, beidh níos lú ná duine go leith i gceist. Cuirtear brú ar inbhuanaitheacht an chórais pinsean de bharr na bhforbairtí déimeagrafacha sin. Cheana féin, caitear 28 % de chaiteachas iomlán an rialtais ar phinsin, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú eile air sin sna blianta atá amach romhainn. De réir mheastacháin an Choimisiúin agus údaráis na Portaingéile, meastar go mbainfidh an caiteachas ar phinsin an ráta is airde amach, 15,2 % de OTI, in 2046, cóimheas caiteachais pinsin–OTI a bheadh 2,9 pointe céatadáin os cionn leibhéal 2022, agus ar cheann de na cinn is airde san Aontas, agus táthar ag tuar go dtiocfaidh laghdú air de réir a chéile ina dhiaidh sin. Le blianta beaga anuas, tá athchóirithe curtha chun feidhme ag an bPortaingéil chun inbhuanaitheacht an chórais pinsean a fheabhsú, tríd an aois reachtúil scoir a innéacsú leis an ionchas saoil, ach cuireann beartais, mar shampla, scéimeanna luathscoir leis an mbrú atá ar inbhuanaitheacht an chórais pinsin. Ar an meán, bíonn an ranníocaíocht shóisialta a íocann daoine féinfhostaithe níos ísle ná an méid a íocann daoine fostaithe. Ina theannta sin, tá rátaí ranníocacha speisialta ann do chineálacha éagsúla oibrithe. Laghdaítear foinsí féideartha ioncaim don chóras pinsean a thuilleadh mar gheall ar an méid sin.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Portaingéile leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don tSlóivéin leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus cumas láidir riaracháin á áirithiú san am céanna. Cé go bhfuil roinnt bearta á nglacadh ag an bPortaingéil chun aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainneachta riaracháin, tá dúshláin ann go fóill i ndáil le rialacha soláthair phoiblí agus nósanna imeachta fadálacha ceadaithe, a mbíonn tionchar orthu ar thionscadail mhóra infheistíochta go háirithe. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), tá sé de cheangal ar an bPortaingéil gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an bPortaingéil maidir le cláir an bheartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Tá neamhionannais ann idir limistéir chósta agus intíre na mórthíre, idir an mórthír agus na réigiúin is forimeallaí, agus idir limistéir uirbeacha agus bailte agus cathracha beaga. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe agus acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Chomh maith leis na beartais maidir le hacmhainneacht riaracháin, tá sé tábhachtach freisin infheistíochtaí sa taighde feidhmeach sna réimsí a sainaithníodh i straitéis um speisialtóireacht chliste, infheistíochtaí san aistriú eolais agus i gcomhtháthú torthaí taighde agus forbartha, mar aon le hinfheistíochtaí in acmhainneacht nuálaíochta fiontar beag agus meánmhéide, an t-aistriú glas, agus an iomaíocht a chur chun feidhme go tapa. Is tosaíocht go fóill é bailiú agus cóireáil fuíolluisce, athúsáid uisce agus rochtain ar uisce a fheabhsú, go háirithe i gceantair iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí, agus sceitheadh uisce sa líonra a laghdú, agus ina theannta sin an geilleagar ciorclach, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn i gcomhréir leis an bplean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Tá tábhacht ar leith fós ag baint le hinfheistíochtaí san oideachas agus san oiliúint, i gcáilíochtaí agus scileanna atá de dhíth sa mhargadh saothair a fhorbairt, agus i mbeartais ghníomhacha spriocdhírithe don margadh saothair, go háirithe do dhaoine óga. Chomh maith leis sin, tá sé fós tábhachtach rochtain chothrom ar oideachas agus ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta a áirithiú, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh. Agus an t-athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais comhtháthaithe á dhéanamh, b'fhiú tuilleadh airde a thabhairt ar

([18]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

riachtanais a bhaineann le cosc agus ullmhacht i dtaca le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide. D'fhéadfadh an Phortaingéil úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) chun tacú le claochlú na tionsclaíochta, go háirithe i ndáil le hardmhonaraíocht agus monaraíocht atá tíosach ar acmhainní, iompar inbhuanaithe, bithmhíochaine agus biteicneolaíocht, agus teicneolaíocht ghlan-nialasach, agus san am céanna, infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i gcáilíochtaí chun freastal ar an éileamh saothair sna hearnálacha sin.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an bPortaingéil i ndáil le bainistiú uisce, bonneagar an líonra uisce, agus acmhainneacht stórála uisce.

(26) Tá an Phortaingéil, go háirithe réigiúin an Deiscirt, faoi mhórthionchar ag guaiseacha nádúrtha, mar shampla, triomaigh, tinte agus tuilte, guaiseacha a bhfuil méadú tagtha ar a minicíocht agus a ndéine mar gheall ar an athrú aeráide. Tá báisteach bhliantúil laghdaithe, ganntanas uisce agus tuilleadh inathraitheachta ó thaobh ama de ag cur isteach ar shreabhadh na n-aibhneacha, ar athluchtú uiscíoch agus ar an riosca tuilte, rud a bhfuil tionchar aige ar go leor earnálacha eacnamaíocha, mar shampla, an talmhaíocht, táirgeadh uisce óil agus fuinneamh, lena n-áirítear giniúint hidreachumhachta, agus ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí freisin. Chuir an Phortaingéil lena hacmhainneacht dul in oiriúint don athrú aeráide (An Dlí Aeráide, 2021), lena n-áirítear trí phleananna oiriúnaithe earnála a fhorbairt. Tá treochlár náisiúnta maidir le dul in oiriúint don athrú aeráide go dtí 2100 á fhorbairt ag an bPortaingéil freisin. Mar sin féin, bheadh sé tábhachtach oiriúnú don athrú aeráide a ionchorprú tuilleadh ina mbeartais bainistithe uisce. Trína straitéis um bhainistiú comhtháite agus inbhuanaithe uisce a fheabhsú, chuideoidh an Phortaingéil lena áirithiú go mbeidh rochtain ag príomhearnálacha ar uisce, agus go mbeadh méideanna uisce leordhóthanacha ar ardchaighdeán ar fáil le haghaidh feidhmeanna éiceolaíochta freisin, go háirithe le haghaidh éiceachórais íogaire agus bhithéagsúla; bogaidh, cuir i gcás. Ina theannta sin, chuideofaí le comhordú éifeachtach a bhaint amach idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil a bhaint amach trí struchtúr rialachais earnáil an uisce a chuíchóiriú. Tá tuilleadh infheistíochtaí de dhíth chun bainistiú uisce a fheabhsú, mar shampla, i mbailiú agus cóireáil fuíolluisce, sceitheadh uisce sna líonraí a laghdú, an soláthar uisce ginearálta, agus faireachán níos fearr ar chainníocht agus ar cháilíocht an uisce. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fheidhm spúinseála nádúrtha an tírdhreacha a athchóiriú, asbhaint screamhuisce a laghdú, bogaigh agus aibhneacha a athchóiriú, lena n-áirítear tuilemhánna, agus réitigh dhúlrabhunaithe eile a rolladh amach. Thairis sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil leas a bhaint as féidearthachtaí i ndáil le hathúsáid uisce.

(27) In 2023, tháinig 72 %, leibhéil nár baineadh amach riamh roimhe sin, de leictreachas na Portaingéile ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, a bhuí le hidreachumhacht agus gaoithe láidre den chuid is mó. Bhí ról ag an ardú sin sa scair den fhuinneamh in-athnuaite sa laghdú suntasach i bpraghsanna leictreachais, a thit faoi bhun na leibhéal réamh-ghéarchéime. D'fhonn an rannchuidiú náisiúnta athbhreithnithe i gcuspóirí an Aontais i ndáil le cumhacht in-athnuaite le haghaidh 2030 a shroicheadh agus an sprioc go nginfear ar a laghad 85 % den olltomhaltas leictreachais le foinsí in-athnuaite faoi 2030 a bhaint amach, mar a leagtar amach sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide, tá gá le tuilleadh dul chun cinn chun iomaíocht na Portaingéile a fheabhsú agus chun dícharbónú na tionsclaíochta a spreagadh, lena n-áirítear trí leictriú. Cé gur tugadh isteach bearta reachtacha chun dlús a chur leis an bpróiseas ceadaithe don fhuinneamh in-athnuaite, tá dúshláin fhéideartha ghearrthéarmacha roimh an bPortaingéil maidir le hacmhainneacht na heangaí i ndáil le freastal ar scair níos airde den fhuinneamh in-athnuaite san eangach. Dá ndéanfaí athbhreithniú ar phleananna na heangaí tarchurtha agus dáileacháin, chuideofaí le dlús a chur le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le riachtanais na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na ngealltanas idirnasctha leis an Spáinn agus leis an bhFrainc. Thairis sin, cuireadh bac ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite mar gheall ar dhúshláin lóistíochta, ganntanas comhpháirteanna agus brabúsacht níos ísle, rud a chruthaíonn moilleanna ar an gcur chun feidhme, go háirithe i ndáil le ceantanna grianfhuinnimh. Tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta nasctha a chuíchóiriú, nascadh leis an eangach a dhéanamh níos trédhearcaí, agus pleanáil ceantanna shoiléir fhadtéarmach a sholáthar. Mar gheall ar an éileamh méadaitheach ar eangacha cumhachta, bhainfeadh an Phortaingéil leas as tuilleadh infheistíochta sa líonra leictreachais, lena n-áirítear infheistíochtaí chun na línte cumhachta atá ann faoi láthair a uasghrádú agus solúbthacht an chórais a fheabhsú le réitigh áirithe, mar shampla, stóras, rolladh amach méadar cliste, dreasachtaí chun fuinnimh a úsáid le linn uaireanta seachbhuaice, agus sásraí freagartha ar thaobh an éilimh.

(28) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a ranníocaíocht choiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Portaingéile, cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an cheathrú moladh a leagtar amach sa Mholadh le haghaidh 2024 maidir leis an limistéar euro 2024.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Phortaingéil in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

([19]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar an nglanchaiteachas ([20]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach le, *inter alia*, fiacha rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le OTI a urramú. Na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh roimh shéasúr téimh 2024/2025. Éifeachtacht an chórais cánach a fheabhsú, go háirithe trí éifeachtúlacht riarachán an chórais a fheabhsú agus an t-ualach rialála lena mbaineann a laghdú. Gníomhaíocht a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhioscach an chórais pinsean a áirithiú sa mheántéarma.

2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena n-áiritheofar go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais maidir le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc agus ullmhacht ina leith, agus na deiseanna a chuireann an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh an tráth céanna.

3. Bainistiú uisce a fheabhsú chun an oiriúnú don athrú aeráide a neartú agus athléimneacht fadtéarmach eacnamaíoch agus comhshaoil a áirithiú, trí straitéis a leagan síos um bhainistiú comhtháite agus inbhuanaithe uisce, struchtúr rialachais a fhorbairt le haghaidh na straitéise sin, infheistíochtaí i mbailiú agus cóireáil fuíolluisce a chur chun cinn, sceitheadh uisce a laghdú agus faireachán uisce, réitigh dhúlrabhunaithe a fhorbairt, dobharlaigh uisce a athshlánú, agus athúsáid uisce agus éifeachtúlacht uisce a fheabhsú.

4. Acmhainneacht na heangaí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a neartú, go háirithe trí nósanna imeachta nasctha a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos trédhearcaí d'fhonn infheistíocht sa líonra náisiúnta a spreagadh agus acmhainneacht stórála fuinnimh a ardú.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

([20]) De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.